# FOIRM ATHNUACHANA MÓTAR CHÁNACH RF100A

**NÁ HÚSÁID AN FHOIRM SEO CHUN ATHRÚ ÚINÉARA A CHLÁRÚ** (Féach Nóta B)

**1. UIMHIR CHLÁRAITHE**

Déan/Cuspa

Dath(anna)

Uimhir Fhonnaidh

**IARRTHÓIR**
Uas, Inion srl.

Chéad Ainm(neacha)

An seoladh a mbionn an feithicil ghnáth (Sonraigh "mar aon le thall" Más é an seoladh céanna é)

Sioinne NÓ
Ainm Comhlachta
Seoladh

Baile/Cathair
Contae

Fón

An bhfuil athrú ar d'ainm/seoladh (m.s. pósadh) ó cuireadh cáin ar an feithicil go deireadh? Tá ☐ Níl ☐

**2. Aicme CÁNACH** (Féach Nóta C2) Príobh ☐ **P** Earraí ☐ **G** Tarracóir Talún ☐ **A** Gluiasrothar ☐ **C**

Eile - Sonraigh le do thoil

**3. SONRAÍ ÁRACHAIS** (Féach Nóta C4)
Ainm comhlacht árachais (Ní Bróicéar)

Uimhir, Polasai Arachais

Dáta dul in éag Teastas árachas faoi Acht Tráchtála Bóthair 1961, a leasaíodh

Lá | Mí | Bliain

**4. SONRAÍ ATHNUACHAN CÁNACH**

**LÉIGH NÓTA C5 SUL A CGOMHLÁNTAR SEO**

Caithfear gach mí idir dul in éag diosca Mótarchánach agus tús diosca nua a bheith clúdaithe ag IarÚinéir, Tréimshe Neamh-úsaide nó Tréimshe Riaráistí

| | ÓN GCÉAD LÁ Mí | Bliain | | AN LÁ DEIRIDH Mí | Bliain | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.1 Dáta Diosca chánach deiridh imithe in éag** | → | | | | | |
| **4.2 Tréimhse IarÚinéara** (más cuí) | | | GO | | | |
| **4.3 Tréimhse Neamh-Úsaide** (más cuí) | | | GO | | | |
| **4.4 Tréimhse Riar 1** (más cuí) | | | GO | | | € |
| **4.5 Tréimhse Riar 2** (más cuí) | | | GO | | | € |
| **4.6 DÍOSCA CÁNACH AG TEASTÁIL:** | | | GO | | | € |

Measúnacht

Riaráistí 15/4

Seiceálite

**5. DEARBHÚ (Féach Nóta C8)**

Dearbhaim go bhfuil na sonraí ar an bhfoirm ceart

**Siniú**

**Dáta**

**CAITHFEAR AN FHOIRM A SHINIÚ**

**ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN**

| | | | |
|---|---|---|---|
| AIRG | € | PO | € |
| SEIC | € | OP | € |
| CÁRTA OR | € | | |

**IOMLÁN** €

TCF ☐ LC ☐ **Litir Díosca**

Ár ☐

Dáta a fuair

**Dáta Eisithe**

Lá | Mí | Bliain

**6. ROGHA ÍOCHAÍOCHT CÁRTA** (Féach Nóta C6)

UIMHIR CHLÁRAITHE

Chineál Cárta: Master Card ☐ Visa Credit ☐ Visa Debit ☐ Laser ☐

Uimhir Cúntas an Cárta

Cárta dáta éaga

Ainm shealbhóir an chárta ar Sealbhóirí cárta Seoladh

Síniú Úinéir an Cárta

Uimhir theileafóin teagmhála

## NÓTAÍ

### A. Cén Uair ar cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo

Ba cheart an fhoirm seo a úsáid nuair

- Nach bhfuil aon fhoirm, athnuachanna mótarchánach priontaithe ó ríomhaire agat (RF100B) NÓ
- Tá athrú ar shonraí an úinéara (ní ar an úinéireacht féin) i.e. Ainm/Seoladh (m.sh. tar éis pósta) ó cuireadh cáin go deireadh ar an bhfeithicil.

### B. Cén uair NÁR CHEART úsáid a bhaint as an bhfoirm seo

Níor cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo mura raibh cáin ar an bhfeithicil riamh roimhe seo – sa chás sin, ba cheart foirm "An Chéad Iarratas ar Mótarchánach" a lionadh (RF100), atá le fáil ón mótardhéileálaí nó ón duine ar ceannaíodh an fheithicil uaidh.

**Ná** húsáid an fhoirm seo má hathraíodh an fheithicil in aon bhealach acu seo a leanus ó cuireadh cáin uirthi go deireanach:

- Inneal feithicle - Dath feithicle - Cineál chabhlach feithicle - Rangú Cánach Feithicle - Meáchan gan lucht (Feithiclí earraí amháin)

Caithfear foirm "Aithruithe Sonraí" a chomhlánadh (RF111) **IN IONAD** na foirme seo

**Ná** húsáid an fhoirm seo chun athrú uinéir feithicle a chlárú. Ba cheart é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as:

Feithiclí Cláraithe Roimh 1/1/93:

Má díoladh go **PRÍOBHÁIDEACH**, cathfear foirm Athrú Úinéara (RF200) a chomhlánadh **AGUS** an Leabhar Cláraithe (Log) a thabhairt/sheoladh cuig an Oifig Mótarchánach is cóngaraí.

Má díoladh le **MÓTARDHÉILEÁLAÍ**, caithfear foirm Athrú Úinéara (RF200) a chomlánadh agus a thabhairt/sheoladh chuig an Oifig Mótarcheánach is cóngaraí agus ba cheart an leabhar Cláraithe (Log) a thabhairt don mótardéileálaí.

Feithiclí Claraithe AN 1/1/93 NÓ DÁ ÉIS

Má díoladh go **PRÍOBHÁIDEACH**, comhlánaigh cuid B den Deimhniú Ceadúnúcháin Feithicle nó Sonraí Úinéir Nua ar an Deimhniú Clárúcháin Feithicle agus seol é chuig an Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí, An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt, Lár Bhaile na Sionna, Co. an Chláir.

Má díoladh le **MÓTARDHÉILEÁLAÍ**, comhlánaigh foirm RF105 (atá le fáil ón mótardéileálaí) agus seol é chuig an Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí, An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt, Lár Bhaile na Sionna, Co. an Chláir agus tá an Deimhniú Ceadúnúcháin-Feithicle le tabhairt don mhótardhéileálaí.

### C. An chaoi leis an bhfoirm seo a chomhlánú

**C.1 CAITHFEAR Rannóg 1 a chomhlánú. NÍ FÉIDIR** úsáid a bhaint as Rannóg 1 chun athrú úinéara d'aon sórt a chlárú – féach nóta B thuas. Cuir isteach ainm agus seoladh an té a bhfuil an ceadúnú le bheith ina ainm. Mura bhfuil ceadúnú na feithicle le bheith in ainm duine ach in ainm trádálaí/ cuideachta cláraithe ní mór aird ar leith a thabhairt lena chinntiú gurb é ainm na cuideachta seachas an t-ainm trádála a úsáidtear. Ní mór ainm na cuideachta a bheith tugtha díreach mar atá sé ar dheimhniú clárúcháin na cuideachta agus bíonn "Teoranta" i bhformhór na n-ainmneacha. Mura cuideachta cláraithe é an trádálaí ní mór an fhoirm a chomhlánú agus a shíniú in ainm an duine.

**C2 Rannóg 2 -** Cuir tic le ceann amháin de na ranga cánacha liostaithe, nó déan cur síos ar an rang cánach sa bhosca atá tugtha mura bhuil sé liostaithe.

**TÁBHACHTACH** Féach ar mhiniú na ranganna cánacha ag d'Oifig Chánach áitiúl agus cinntigh go bhfuil an fheithicil oiriúnach don rang atá roghnaithe agat ó thaobh cánach de.

**C3 Rannóg 3 -** Cuir isteach ainm na Cuideachta Árachais (NÍ leor ainm an Bhróicéara), Uimhir an Pholasaí Árachais agus dáta Éaga an Árachais. Ní mór do d'árachas a bheith reatha an chéad lá den tréimhse athnuachana nó ar an dáta athnuachana, cibé acu is déanaí agus ní mór don Árachas a bheith cuí don úsáid a dhearbhaítear atá le baint as an bhfeithicil.

**C4 Rannóg 4** Baintear úsáid as Rannóg 4 chun suimeanna Mótarchánach agus Riaráistí (más ann) atá iníochta a áireamh. Lean treoracha 4.1 go 4.6 thíos. Tabhair faoi deara go n-eistear dioscanna cánacha feithicle ar feadh tréimhsi 3, 6, nó 12 mi iomlán ar fhéilire agus nach n-eistear iad le haghaidh míonna atá imithe thart. Caithfear RIARÁISTÍ a íoc le haghaidh míonna atá imithe thart tar éis do dháta an dhiosca cánach feithicle deireanaigh dul in éag (4.4 thíos) mura bhuil Athrú Uinéara nó Tréimhse Neamh-Úsáide I gceist (4.2, 4.3 thíos)

**4.1** Comhlánaigh an mhí agus an bhliain a ndeachaigh an diosca cánach feithicle deiridh in éag sna boscaí curtha ar fáil ag 4.1 ar an bhfoirm, m.sh. má bhí an diosca in éag i Meán Fómhair 2013, bíodh se mar atá sé sa bhosca thuas.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 9 | 2 | 0 | 1 | 3 |

**4.2** Má hathríod úinéara na feithicle ó cuireadh cáin uithrí go deireanach, Ní dlífear na riaráistí don tréimshe ón diosca cánach deiridh dul in éag go dtí deireadh na míosa díreach roimn an dháta díolachain. Más úinéir nua tú ó cuireadh cáin ar an bhfeithicil go deiridh agus más athnuachan é atá á dhéanamh ar fheithicil earraí ní mór duit Duillín Meáchain a sholáthar agus má bhaineann an athnuachan le (i) feithicil earraí nach mó a meáchan gan ualach ná 3,500 Kg (DGVW) nó (ii) feithicil tarrthála, is gá foirm (i) RF111A nó (ii) RF111B a chomhlánú, foirmeacha atá le fáil ón Oifig Mótarchánach.

**4.3** Má tá dearbhú tugtha go bhfuil an fheithicil den bhóthar faoi láthair cuir an tréimhse neamhúsáide sa bhosca atá ar fáil le do thoil.

**4.4, 4.5** Má tá míonna ann ó chuaigh an diosca Mótarchánach deiridh in éag nó ón dearbhú go raibh an fheithicil den bhóthar agus nár clúdaíodh faoi Thréimhse an Úinéara Deiridh beidh riaráistí le híoc. Comhlánaigh tréimhse leanúnach riaráistí sna boscaí ag 4.4 ar an bhfoirm. Má bhrístear an tréimhse riaráistí comhlánaigh na sonnraí ag baint úsáid as na boscaí ag 4.4 agus 4.5 ar an bhfoirm. Comhlánaigh suimeanna a bhaineann leis na riaráistí.

**4.6** Marcáil an tréimhse athnuachana atá de dhíth chomh maith leis an táille chuí sna boscaí. Tá rogha athnuachana de 3 mhí, 6 mhí nó bliain ar fáil mura bhfuil an táille bhliaintiúil faoi €119. Sa chás sin níl ach tréimhse athnuachana bliana amháin ar fáil.

**C5 Rannóg 5 -** Ba cheart gurb é **síniú úinéir** na feithicle a bheadh ar an bhfoirm iarratais. Is é síniú an Stiúthóra Bainistíochta nó an Rúnaí a bheidh i gceist maidir le cuideachta atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 1963. Nuair atá comhlacht príobhaídeach i gceist caithfidh síniú dhuine de na páirithe a bheith comhlánaithe.

**C6 Rannóg 6 -** Comhlánaigh má tá tú ag íoc le cárta creidmheasa nó le cárta dochair. Chineál Cárta: Tabhair faoi deara nach bhfuil cártaí Laser inghlactha le haghaidh iarratais poist. Ainm shealbhóir an chárta ar - isteach mar atá sé ar an gcárta.

### D. Cad ba cheart a bheith leis an bhfoirm seo

**CAITHFIDH** na rudaí seo a leanas a bheith leis an iarratas:

- Táille - Caithfidh tú seic nó ordú poist don táille cheart (riaráistí san áireamh an áit is cúi), a bheith iníochta don Chomhairle Chontae/Cathrach agus "Cuntas Mótar Chánach" crosáilte air. NÁ SEOL AIRGEAD CHUGAINN TRÍD AN BPOST. Téigh i dteagmáil leis an Oifig Mótar Chánach áitiúil cun tuilleadh eolais a fháil ar na rátaí Mótar Chánach cuí.
- Dearbhú Earraí nó Tarrthála, más infheidhme (féach Nóta 4.2) agus Duillín Meáchain má d'athraigh úinéireacht ó cuireadh cáin go deireadh ar an bhfeithicil.
- Liúntas FSP (Pláta) - Feithiclí Seirbhísí Poiblí Amháin.
- Liúntas Alt 60 - Busanna Scoile amháin.

**CEANGLAIS BHREISE**

Ní mór Deimhniú ar Ródacmhainneacht (CRW) a bheith i bhfeidhm chun cáin a chur ar Fheithiclí Earraí, ar Leantóirí, ar Bhusanna agus ar Otharcharranna atá os cionn bliana d'aois.

**NOCHTADH SONRAI**

D'fhéadfadh sonraí ríomhairí bunaithe ar an diciméad seo a bheith faoi réir nochta de réir Alt 60 den Acht Airgeadais, 1993, (Uimh. 13 de 1993) faoi mar atá leasaithe ag Alt 86 den Acht Airgeadais, 1994 (Uimh. 13 de 1994) agus na rialacháin atá déanta dá réir. Tá liosta na ndaoine atá nochtaithe cláraithe le Coimisinéir, um Chosaint Sonraí - TAG 0721/A

**FOLÁIREAMH - DEABHÚ BRÉAGACH**

Dilfear píonós trom a ghearradh ar an té a dhéanann dearbhú bréagach nó a mhainníonn ina dhiaidh sin aon athruithe faoi shonraí ceadúnaithe a sholáthraítear anois lena n-áirtear an fheithicil a dhiúscart. Is féidir le hÚdarás Ceadúnaithe fianaise chuí a lorg faoi chruineas sonraí a dhearbhófar.

**Ráiteas Príobháideachta**

Éilíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) ar chustaiméirí faisnéis phearsanta ar leith a sholáthar d'fhonn feidhmeanna reachtacha agus riaracháin a chomhlíonadh. Caithfidh an Roinn le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil mar fhaisnéis agus sonraí atá faoi rún de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus reachtaíocht Cosanta Sonraí.

D'fhéadfaí, de réir dlí, do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí eile atá ag teacht faoi théarmaí tagartha DTTAS. Tá na sonraí ar fad maidir le beartas cosanta sonraí na Roinne, ina leagtar amach mar a bhainfimid leas as do chuid faisnéise pearsanta, chomh maith le heolas maidir le do chearta mar dhuine is údar do na sonraí le fáil ag www.dttas.gov.ie/dataprotection. Tá cóip chrua de na sonraí maidir leis an mbeartas seo le fáil freisin ach ríomhphost á iarraidh a sheoladh chuig dataprotection@dttas.gov.ie nó scríobh chuig an Aonad Cosanta Sonraí, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Lána Líosain, Baile Átha Cliath D02 TR60.